

**INSTITIÚID OIDEACHAIS MARINO
SCRÚDÚ FAOI THEASTAIS GHAEILGE**

**AN SCRÚDÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
OIRIÚNÚ LE hAGHAIDH CÁILÍOCHTA SA GHAEILGE
EARRACH 2016**

**TRIAIL CHLUASTUISCEANA
TÉACS NA MÍREANNA**

Na gíotaí sa triail chluastuisceana seo,
tá siad curtha in oiriúint ó ghíotaí a foilsíodh in
<http://www.tuairisc.ie>, <http://www.gaelscoileanna.ie>; <http://www.cogg.ie>;
<http://ansiopagaeilge.ie>;
Nuachtlitir Gaelscoileanna Teo., Fómhar 2015

Treasa:

Institiúid Oideachais Marino, 2016.

An Cháilíocht sa Ghaeilge.

Triail Chluastuisceana.

Leanfaidh an triail seo ar feadh beagnach uair an chloig. Iarrtar ort éisteacht leis na giotáí cainte ar fad agus leis na treoracha a chloisfidh tú ar an téip.

Tá trí roinn sa triail: Roinn A: Fógraí

Roinn B: Comhráite

Roinn C: Míreanna Nuachta

Tá na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le gach ceann de na trí roinn sin, clóbhuailte ar do pháipéar scrúdaithe.

[Bleep]

Roinn A: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na treoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn A.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 1

(Canúint na Mumhan)

Áine:

Fógra anseo ó TG4. Craolfar clár faisnéise tráthnóna amárach, ar a hocht a chlog, ar TG4 faoin *High Nelly*. Is seanrothar é an *High Nelly* a bhíodh in úsáid ar fud na tíre fadó. Bhaineadh daoine úsáid as an rothar chun dul chuig an obair, chun dul chuig an Aifreann agus chun dul chuig damhsaí. Tabharfaidh an clár seo léargas ar an tionchar a bhí ag an *High Nelly* ar shaol na ndaoine in Éirinn.

Beidh Joe Molloy ag labhairt ar an gclár agus déanfaidh sé cur síos ar an ról a bhíodh ag an *High Nelly* in iompar teachtaireachtaí rúnda le linn Chogadh na Saoirse in Éirinn. Labhróidh Seamus Ó Droma faoin ról a bhíodh ag an rothar i saol na nGardaí agus beidh Máire Ní Loideáin ag caint faoin tslí ar chabhraigh a rothar féin léi i gcúrsaí grá.

Má chailleann tú an clár amárach déanfar é a athchraoladh Dé Domhnaigh ar a leath uair tar éis a seacht.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 2

(Canúint Chonnacht)

Seosamh:

Fógraíonn Raidió na Life go bhfuil tionscadal nua seolta acu atá dírithe ar pháistí bunscoile. *Spraoi* is ainm don tionscadal agus is í an aidhm atá leis ná an stáisiún raidió a chur ar fáil mar áis foghlama do pháistí bunscoile agus guth a thabhairt do pháistí i bpobal na Gaeilge.

Tabharfaidh foireann *Spraoi* cuairteanna ar scoileanna Lán-Ghaeilge ar fud na hardchathrach. Labhróidh siad leis na páistí sna scoileanna agus déanfaidh siad taifead orthu. Craolfar na taifid ansin ar shraith raidió nua ar Raidió na Life.

Tá sé i gceist ag Raidió na Life, amach anseo, ceardlanna craoltóireachta a eagrú do pháistí bunscoile i Stiúideo Raidió na Life. Má bhíonn suim ag do scoil páirt a ghlacadh sa tionscadal nua, déan teagmháil le Judy-Meg ag 016712543.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Fógra 3

(Canúint Uladh)

Muiris:

Tá áthas ar an Siopa Gaeilge a fhógairt go bhfuil sraith nua de phóstaeir ar fáil anois. Tá na póstaer deartha chun cabhrú le páistí bunscoile laethanta na seachtaine a fhoghlaim as Gaeilge.

Sé phóstaer ar fad atá sa phacáiste – póstaer amháin do gach lá ó Luan go hAoine agus ceann amháin don deireadh seachtaine. Ar thaobh amháin de gach póstaer tá pictiúr daite de Theidí. Ar an Luan, mar shampla, is teidí liath é atá ag léim timpeall, agus ag an deireadh seachtaine, mar shampla eile, is teidí oráiste é atá ina chodladh. Ar an taobh eile de gach póstaer tá ceisteanna agus frásaí. Beidh múinteoirí agus tuismitheoirí in ann iad a úsáid chun páistí a spreagadh comhrá a dhéanamh faoi ghníomhartha Theidí.

Is féidir pacáiste samplach a ordú agus tuilleadh eolais a fháil trí theagmháil a dhéanamh le Moya óna cúig a chlog ar aghaidh sa tráthnóna ag 0876428598.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Roinn B: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn B.

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá I
(Canúint na Mumhan)

- Micheál: An bhfaca tú aon scannán maith le déanaí, a Áine?
(Tomás)
- Bríd: 'Bhfuil a fhios agat, a Mhíchíl, ní raibh mé sa phictiúrlann le fada. Bhí Meastóireacht Scoile Uile againn an mhí seo caite agus bhí mé féin agus na múinteoirí go léir an-ghnóthach ag ullmhú don chigire.
(Áine)
- Micheál: Caithfidh go raibh sibh faoi bhrú leis sin ceart go leor. Conas a d'éirigh libh?
- Bríd: D'éirigh go breá linn. Thug an cigire aiseolas dearfach dúinn ag an deireadh.
- Micheál: Tá áthas orm é sin a chloisteáil. Caithfidh go bhfuil faoiseamh oraibh go léir anois.
- Bríd: Tá. Agus tá níos mó ama againn, leis.
- Micheál: Bhuel! Ciallaíonn sé sin go mbeidh am agat dul go dtí an phictiúrlann liom tráthnóna Dé hAoine!
- Bríd: Bheadh sé sin thar barr. Ba bhreá liom *Brooklyn* a fheiceáil.
- Micheál: *Brooklyn*. An é sin an scannán atá bunaithe ar an úrscéal le Colm Tóibín?
- Bríd: Is é. Tá go leor cainte faoi sna meáin. Is í Saoirse Ronan an príomhaisteoir ann.
- Micheál: An bhfuil aon rud ar eolas agat faoin scéal?
- Bríd: Níl mórán ar eolas agam faoi ach léigh mé sa nuachtán go bhfuil sé suite sna caogaidí agus go mbaineann an scéal le bean óg darb ainm Eilís Lacey as Inis Córthaidh a théann ar imirce go Nua-Eabhrac áit a mbuaileann sí le fear óg ó theaghlach Iodálach.
- Micheál: Ó! Is cuimhin liom anois é! Chonaic mé an réamhfhógra dó ar an teilifís. Bíonn ar Eilís filleadh abhaile go hÉirinn agus buaileann sí le fear eile. Bíonn uirthi rogha a dhéanamh idir beirt fhear.
- Bríd: B'fhiú é a fheiceáil ach déarfainn go mbeidh sé brónach go leor. Cuirfidh mé téacs chugat Dé hAoine chun am a eagrú. Feicfidh mé ansin thú!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]
[Bleep]

Treasa: Comhrá 2
(Canúint Chonnacht)

- Tomás: Dia duit, a Íde. An raibh lá maith agat?
(Seosamh)
- Íde: Bhí, go raibh maith agat. Bhí cruinnithe agam leis na tuismitheoirí inniu agus d'éirigh go maith leo.
(Treasa)
- Tomás: Togha! Féach air seo! Tháinig sé sa phost ar maidin.
- Íde: Céard é?
- Tomás: Cuireadh chuig bainis! Beidh Niamh agus Feargal ag pósadh sa samhradh!
- Íde: An mbeidh? Is dea-scéal é sin. Cén dáta atá roghnaithe acu?
- Tomás: An deichiú lá d'Iúil. Pósfaidh siad i Séipéal Réalt na Mara, Leitir Mealláin agus beidh dinnéar na bainise in Óstán Chósta Chonamara. Féach ar an gcuireadh, nach bhfuil sé an-ealaíonta?
- Íde: Tá sé go hálainn. Déarfainn gur tharraing Niamh an bád traidisiúnta sin í féin.
- Tomás: Déarfainn gur tharraing. Bhí spéis aici riamh sna báid... Beidh ort dul ag siopadóireacht is dócha!
- Íde: Gan dabht! Beidh orm gúna, casóg, hata agus bróga nua a cheannach agus beidh ort féin culaith nua a fháil.
- Tomás: Mise! Nach bhfuil culaith dhubh agam sa vardrús a dhéanfaidh cúis?
- Íde: Tá an chulaith sin sean-fhaiseanta anois. Ní mór duit ceann nua a fháil. Ceann dúghorm b'fhéidir agus léine bhánghorm...agus carbhat le patrún deas...
- Tomás: Beidh an bhainis seo costasach.
- Íde: Beidh. Ach nach deas an rud é cuireadh a fháil? Rachaimid go Baile Átha Cliath ar an Lá Saoire Bainc. Bainfimid triail as *Arnotts* ar dtús.
- Tomás: *Arnotts*! Ní bheidh pingin rua fágtha againn tar éis na bainise seo!

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Comhrá 3
(Canúint Uladh)

- Moya: Cad é mar atá tú, a Phádraig?
(Caitlín)
- Pádraig: Go maith, go raibh maith agat, a Mhoya.
(Muiris)
- Moya: Anois. Bhí tú ag rá liom ar an fhón go bhfuil tú ag smaoineamh ar bhogadh ó Bhaile Átha Cliath go Dún na nGall.
- Pádraig: Tá. Mar is eol duit, táim féin agus Síle inár gcónaí in árasán sa chathair le cúig bliana agus beidh an áit róbheag dúinn nuair a thiocfaidh an gasúr sa samhradh.
- Moya: Comhghairdeas, a Phádraig! Ní raibh a fhios agam go bhfuil Síle ag súil le breith. An bhfuil sibh ag iarraidh dul abhaile go Leitir Ceanainn?
- Pádraig: Níl i ndáiríre. B'fhearr linn a bheith amuigh faoin tuath sa Ghaeltacht.
- Moya: Bhuel! Ba chóir daoibh bogadh go Gaoth Dobhair ceart go leor. Is ceantar tuaithe galánta é agus is ceantar Gaeltachta é fosta. Tá go leor tránna agus sléibhte ann do shiúlóidí agus tá áiseanna cultúrtha den chéad scoth ann.
- Pádraig: Bhíomar ag smaoineamh ar Ghaoth Dobhair ceart go leor. An bhfuil mórán áiseanna ann do pháistí?
- Moya: Tá. Tá naíonra breá ann agus tá cúig bhunscoil éagsúla sa cheantar.
- Pádraig: Agus céard faoi áiseanna spóirt dom féin?
- Moya: Ón bhomaite a thagann an gasúr beidh sé doiligh ortsa am a fháil don spórt, a Phádraig! Ach tá neart áiseanna spóirt ann. Tá páirc imeartha faoi choinne sacair agus tá ceann eile ag Cumann Lúthchleas Gael. I rith an gheimhridh tig leat cispheil faoi dhíon a imirt sa chlubtheach.
- Padraig: Tá sé sin ar dóigh. Ba bhreá linn a bheith i gceantar le háiseanna maithe.
- Moya: Gheobhaidh sibh achan ní a bheidh á lorg agaibh i nGaoth Dobhair.
- Pádraig: Go raibh maith agat as do chomhairle. Beidh orainn cuairt a thabhairt ar an cheantar ag an deireadh seachtaine agus tchífimid ansin.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]
[Bleep]

Treasa:

Roinn C: Léigh ar do pháipéar scrúdaithe na teoracha agus na ceisteanna a bhaineann le Roinn C

[Bleep]

[30 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 1

(Canúint na Mumhan)

Tomás:

Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Scileanna aréir go mbeadh dhá bhunscoil nua á n-oscailt i mBaile Átha Cliath i Mí Mheán Fómhair, 2016. Gaelscoileanna a bheidh iontu. Beidh an chéad Ghaelscoil nua suite i gceantar Stigh Lorgan agus beidh an dara Gaelscoil nua suite i gceantar Marino. Scoileanna ilchreidmheacha a bheidh iontu.

Dúirt Oifigeach Forbartha an Fhorais Phátrúnachta, Cormac McCashin, aréir go bhfáiltíonn An Foras Pátrúnachta roimh léirithe spéise sna scoileanna nua ó thuismitheoirí. Dúirt sé go mbeadh cruinnithe eolais á n-eagrú acu go luath agus go dtabharfaí cuireadh chuig na cruinnithe sin d'aon thuismitheoir a léiríonn spéis sna scoileanna nua.

Tá Gaelscoileanna Teoranta ag tabhairt tacaíochta don Fhoras Pátrúnachta maidir leis na scoileanna.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 2

(Canúint Chonnacht)

Treasa:

Beidh ceardlann in Óstán G na Gaillimhe ar a seacht a chlog, Dé Domhnaigh seo chugainn. Is é an teideal a bheidh ar an gceardlann ná ‘Folláine’. Beidh an cheardlann dírithe ar dhaoine atá ag iarraidh saol níos folláine a chaitheamh. Máire Treasa Ní Dhubhghaill a bheidh mar láithreoir ar an gceardlann agus beidh na saineolaithe, Roz Purcell agus Alan Quinlan, in éineacht léi.

Agus í ag caint faoin gceardlann dúirt Ní Dhubhghaill go ndearna sí iarracht na saineolaithe ab fhéarr sa tír a thabhairt le chéile chun cabhrú le daoine athruithe bunúsacha maireachtála a dhéanamh. Díreoidh na saineolaithe ar an gcothú, ar an aclaíocht agus ar an tsláinte mheabhrach.

Is é an costas a bheidh ar an gceardlann ná ochtó euro agus beidh lón san áireamh sa phraghas sin. Gheobhaidh gach rannpháirtí comhairle faoi chúrsaí bia agus beidh deis acu labhairt le traenálaí pearsanta.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

Treasa: Mír Nuachta 3

(Canúint Uladh)

Caitlín:

Tréaslaímid le Mark English a bheidh ag rith ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha i mbliana. Is as Leitir Ceanainn do Mark ó dhúchas agus is mac léinn leighis é sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is lúthchleasaí den scoth é agus, i láthair na huaire, is eisean an tÉireannach is tapa sa rás ocht gcéad méadar faoi dhíon. Bhuaigh sé bonn airgid ag Craobhchomórtais Lúthchleasaíochta na hEorpa i bPrág sa bhliain 2015.

Dúirt English go bhfuil sé ag súil go mór le samhradh 2016 agus ghabh sé buíochas lena chlann, lena chairde agus lena lucht leanúna go léir as an tacaíocht leanúnach a thugann siad dó.

Beidh na Cluichí Oilimpeacha ar siúl i Rio de Janeiro ón gcúigiú lá de Lúnasa go dtí an t-aonú lá is fiche de Lúnasa. Beidh os cionn trí chéad comórtais dhifriúla ag na cluichí agus glacfaidh os cionn deich míle lúthchleasaí páirt iontu.

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Repeat above text]

[Bleep]

[45 seconds gap]

[Bleep]

[Bleep]

Treasa:

Tá an triail thart anois. Go raibh maith agaibh.